**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001**

# CUNTASAÍOCHT — ARDLEIBHÉAL

(400 marc)

DÉARDAOIN, 14ú MEITHEAMH, 2001 — MAIDIN, 9.30 a.m. go dtí 12.30 p.m.

Tá an páipéar seo roinnte i 3 roinn:

**Roinn 1: Cuntasaíocht Airgeadais** (120 marc).

Tá ceithre cheist sa roinn seo (Uimhreacha 1-4). Tá 120 marc ag dul don chéad ceist agus tá 60 marc an ceann ag dul don dtrí cheist atá fágtha.
Ba chóir d'iarrthóirí **CHEIST 1 AMHÁIN** a fhreagairt NÓ tabhairt faoi **DHÁ CHEANN** ar bith den trí cheist atá fágtha sa roinn seo.

**Roinn 2: Cuntasaíocht Airgeadais** (200 marc).

Tá trí cheist sa roinn seo (Uimhreacha 5–7). Tá 100 marc an ceann ag dul do gach aon ceist acu. Ba chóir d'iarrthóirí **DHÁ CHEANN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

**Roinn 3: Cuntasaíocht Bhainistíochta** (80 marc).

Tá dhá cheist sa roinn seo (Uimhreacha 8 agus 9). Tá 80 marc an ceann ag dul do gach ceist den dhá cheist. Ba chóir d'iarrthóirí **CEANN AMHÁIN** de na ceisteanna seo a fhreagairt.

**Áireamháin**

Is ceadmhach áireamháin a úsáid i bhfreagairt na gceisteanna ar an bpáipéar seo: tá sé an-tábhachtach, áfach, go dtaispeántar oibríochtaí sa leabhar freagraí/sna leabhair freagraí sa chaoi gur féidir creidiúint iomlán a thabhairt mar gheall ar obair cheart.

**ROINN 1 (120 marc)**

Freagair **Ceist 1** NÓ **DHÁ** cheist ar bith eile.

**1. Cuntais Chríochnaitha Cuideachta comh maith le Cuntas Déantúsaíochta.**

Tá caipiteal údaraithe £950,000 ag Ó Cuinn Tta., gnólacht déantúsaíochta, agus é roinnte de réir 650,000 Gnáthscair ar £1 an ceann agus 300,000 Scair Thosaíochta 6% ar £1 an ceann. Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as na leabhair ar 31/12/2000.

| | £ | £ |
|---|---|---|
| Talamh agus Foirgnimh Monarchana (costas £550,000) | 506,000 | |
| Gléasra agus Innealra (costas £260,000) | 180,000 | |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 1/1/2000 | | 45,500 |
| Banc | | 9,400 |
| Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe | 84,500 | 58,200 |
| Ceannacháin amhábhar | 461,900 | |
| Díolacháin | | 821,500 |
| Díolachán fuíollábhar | | 3,500 |
| Pá díreach monarchan | 149,200 | |
| Forchostais ghinearálta monarchan (fionraí san áireamh) | 62,500 | |
| Speansais díolacháin agus dáileacháin | 29,400 | |
| Speansais riaracháin | 43,000 | |
| Bintiúir 8% (£45,000 san áireamh a eisíodh ar 1/5/2000) | | 150,000 |
| Stoic ar láimh ar 1/1/2000 | | |
| Earraí críochnaithe | 64,500 | |
| Amhábhair | 41,000 | |
| Obair idir lámha | 36,000 | |
| Díbhinní eatramhacha go ceann 6 mhí | 26,500 | |
| Scairchaipiteal eisithe – Gnáthscaireanna | | 380,000 |
| – Scaireanna tosaíochta ar 6% | | 200,000 |
| CBL | | 16,400 |
| | 1,684,500 | 1,684,500 |

Ni mór an t-eolas agus na treoracha seo a leanas a chur san áireamh:

(i) Stoic ar láimh ar 31/12/2000:

| | £ |
|---|---|
| Earraí críochnaithe | 82,000 |
| Amhábhair: | 49,000 |
| Obair idir lámha: | 42,000 |

(ii) Níl aon taifead sna leabhair maidir le hamhábhair a chosain £11,000 a bhí á n-aistriú ar 31/12/2000. Bhí an sonrasc i leith na n-earraí seo faighte.

(iii) Tá suim £2,000 a fuarthas ar dhíolachán sean innealra san áireamh san fhigiúr i leith díolachán. Chosain an t-innealra £25,000 ar 1/10/1995 agus a bhí díolta ar 30/6/2000. Iontráladh an seic a fuarthas sa chuntas bainc. Níl aon iontrálacha eile sna leabhair ach iad sin.

(iv) Fuarthas amach gur cuireadh earraí a chosain £7,200 ar an ngnólacht a tháirgeadh, ar aghaidh chuig custaiméir ar bhonn díol nó aischur. Go hearráideach, cuireadh na hearraí seo do dhochar an chustaiméara ar a gcostas móide 25%.

(v) Lascaine £600 a iontráladh sa chuntas lascaine amháin faoi deara an figiúr fionraí.

(vi) I rith na bliana 2000, chuir Ó Cuinn síneadh leis an trádstóras. Rinne fostaithe na cuideachta féin an obair. Tá costas a saothair £22,000 san áireamh sa phá monarchan. Baineadh na hábhair, a chosain £28,000, as na stoic. Ní raibh aon iontráil déanta sna leabhair maidir leis an síneadh seo.

(vii) Tá dímheasa le soláthar ar shócmhainní seasta mar seo a leanas:

Gléasra agus innealra – 20% den chostas in aghaidh na bliana ó dáta na ceannacáin go dáta na díolacáin.

Foirgnimh – 2% den chostas in aghaidh blian iomlán (£60,000 a bhí ar an talamh ar a chostas ar 1/1/2000)

Ag deireadh 2000 rinne an chuideachta athluacháil ar £660,000 ar thalamh agus ar fhoirgnimh.

(viii) Molann na stiúrthóirí;

1. Go n-íocfar an díbhinn tosaíochta atá dlite
2. Gur 10p an scair an ghnáthdhíbhinn iomlán don bhliain
3. Gur chóir soláthar a dhéanamh d'ús bintiúir dlite agus do cháin chorparáide ar £24,000.

**Iarrtar ort iad seo a ullmhú:**

(*a*) Cuntas Déantúsaíochta, Trádála agus Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2000. (75)

(*b*) Clár Comhardaithe mar a bheadh ar 31/12/2000. (45)

**(120 marc)**

## 2. Ráiteas Táblach

Taispeánann an clár comhardaithe seo a leanas staid airgeadais Uí Chuirc Tta ar 1/1/2000:

**Clár Comhardaithe mar atá ar 1/1/2000**

| | Costas | Dímheas go dáta | Glan |
|---|---|---|---|
| | £ | £ | £ |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Talamh agus foirgnimh | 350,000 | 28,000 | 322,000 |
| Veaineanna seachadta | 65,000 | 26,000 | 39,000 |
| | 415,000 | 54,000 | 361,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoc | 63,700 | | |
| Árachas Réamhíoctha | 700 | | |
| Féichiúnaithe | 52,600 | | |
| | | 117,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe: suim dlite taobh istigh de 1 bhliain** | | | |
| Creidiúnaithe | 51,500 | | |
| Banc | 11,700 | | |
| Pá dlite | 2,800 | 66,000 | |
| **Sócmhaimhí Reatha Glan** | | | 51,000 |
| | | | 412,000 |
| **Maoinithe ag:** | | | |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | |
| Údaraithe – 450,000 gnáthscair @ £1 an ceann | | | |
| Eisithe – 300,000 gnáthscair @ £1 an ceann | | | 300,000 |
| Scairphréimh | | | 36,000 |
| Iarmhéid brabúis agus caillteanais | | | 76,000 |
| | | | 412,000 |

Tharla na bearta seo a leanas le linn 2000:

Ean: Chinn Ó Cuirc Tta an talamh agus na foirgnimh a athluacháil ar £480,000 ar 1/1/2000 agus talamh dar luach £80,000 faoi láthair san áireamh ann.

Feabh: Cheannaigh Ó Cuirc gnólacht béal dorais a raibh foirgnimh ar 1/1/2000 ar luach £120,000 aige, veaineanna seachadta £44,000 agus creidiúnaithe £24,000. Scaoileadh an costas ceannacháin trí 120,000 scair in Ó Cuirc Tta a thabhairt don díoltóir ar 25p an scairphréimh.

Már: Seoladh ar ais earraí ar luach £2,500 a cheannaigh Ó Cuirc Tta cheana féin. De bhrí go raibh moill ar na hearraí a sheoladh ar ais, eisíodh nóta creidmheasa a thaispeáin asbhaint 10% ar an luach sonraisc mar tháille athchoinneála.

Aib: Rinneadh veain seachadta a chosain £16,000 a thrádáil isteach i gcoinne veain nua a chosain £28,000. Tugadh liúntas £7,500 i leith an tseanveain. Ba é £9,600 an dímheas chun dáta ar an seanveain, agus ba é £20,000 an muirear dímheasa don bhliain ar fad.

Beal: Fuarthas ráiteas bainc ar 31 Bealtaine a thaispeáin dochar díreach £1,800 i leith árachas tine don bhliain dar chríoch 31/5/2001.

Iúil: Fuarthas íocaíocht £500 ó fhéichiúnaí a raibh a fhiach díscríofa cheana féin agus ar mhian leis trádáil a dhéanamh arís le Ó Cuirc Tta. Is ionann sin agus 40% den fhiach thosaigh agus gheall an féichiúnaí go n-íocfaí an chuid eile den fhiach i mí Eanáir 2001.

Noll: 2% de luach na leabhar a bheidh mar mhuirear dímheasa don bhliain ar na foirgnimh, áirithe ón dáta luachála/ceannaithe.

### Iarrtar ort:

Taifead a dhéanamh i ráiteas táblach ar an éifeacht a bhí ag gach beart thuas ar an sócmhainn agus ar an dliteanas cuí agus déan na sócmhainní agus na dliteanais iomlána ar 31/12/2000 a ríomh.

**(60 marc)**

## 3. Athluacháil ar Shócmhainní Seasta

Ar I Eanáir 1996 bhí foirgneamh a chosain £350,000 ag Gasta Tta. Dímheasann an chuideachta a cuid sócmhainní ar ráta 2% ar an modh dronlíneach. Is é polasaí na cuideachta é bliain iomlán dímheasa a chur i bhfeidhm i mbliain an cheannaigh agus gan aon dímheas in aon chor a dhéanamh sa bhliain diúscartha. Ba amhlaidh a ceannaíodh an foirgneamh ocht mbliana roimhe sin, agus gearradh dímheas ina leith in aghaidh na mbrabús gach bliain de na hocht mbliana sin.

Baineadh na sonraí seo a leanas as leabhair an ghnólachta:

| | |
|---|---|
| Ean 1 1996 | Foirgneamh athluacháilte ar £480,000. |
| Ean 1 1998 | Foirgneamh ceannaithe ar £240,000. I gcaitheamh 1998, íocadh £60,000 le contaitheoir tógála chun síneadh a chur leis na nua foirgnimh seo. D'oibrigh fostaithe na cuideachta féin ar an síneadh chomh maith, agus d'íoc Mear Tta. £20,000 pá leo as an obair seo ina iomláine. |
| Ean 1 1999 | Foirgnimh athluacháilte ar £880,000 (Méadú 10% i gcás gach foirgnimh ar leith.) |
| Ean 1 2000 | An fhoirgneamh a bhí i seilbh an ghnólachta ar 1/1/1996 díolta ar £550,000. Rinneadh athluacháil ar an bhfoirgneamh eile ar £400,000. |

**Iarrtar ort:**
Na cuntais ábhartha mórleabhair a ullmhú maidir leis na bearta thuas do na blianta dar chríoch 31 Nollaig 1996 go dtí 31 Nollaig 2000. (**Ní** gá Cuntas Bainc ná Cuntas Brabúis agus Caillteanais).

**(60 marc)**

**4. Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid**

Is iad seo a leanas na cláir chomhardaithe ag Fiúntas Ctp mar a bhí ar 31/12/1999 agus 31/12/2000 mar aon le cuntas coimrithe brabúis agus caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2000.

**Cuntas Coimrithe Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar críoch 31/12/2000**

| | £ | £ |
|---|---|---|
| Brabús oibriúcháin | | 177,000 |
| Ús íoctha | | (7,000) |
| Brabús roimh cháin | | 170,000 |
| Cáin | | (80,000) |
| Brabús tar éis cánach | | 90,000 |
| Díbhinní – eatramhacha | 12,000 | |
| – molta | 48,000 | (60,000) |
| Brabúis choinnithe don bhliain | | 30,000 |
| Brabúis choinnithe ar 1/1/2000 | | 210,000 |
| Brabúis choinnithe ar 31/12/2000 | | 240,000 |

| **Cláir Chomhardaithe ar** | | **31/12/2000** | | **31/12/199** |
|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | **£** | **£** | **£** | **£** |
| Talamh agus Foirgnimh | 440,000 | | 500,000 | |
| Lúide dímheas carntha | (50,000) | 390,000 | (45,000) | 455,000 |
| Innealra ar a chostas | 410,000 | | 320,000 | |
| Lúide dímheas carntha | (170,000) | 240,000 | (140,000) | 180,000 |
| | | 630,000 | | 635,000 |
| **Sócmhainní Airgeadais** | | | | |
| Infheistíochtaí Luaite | | 100,000 | | 60,000 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | |
| Stoc | 225,000 | | 190,000 | |
| Féichiúnaithe | 185,000 | | 160,000 | |
| Banc | 40,000 | | 10,000 | |
| | 450,000 | | 360,000 | |
| **Lúide Creidiúnaithe: suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain amháin** | | | | |
| Creidiúnaithe Trádála | 242,000 | | 210,000 | |
| Cáin | 50,000 | | 65,000 | |
| Díbhinní | 48,000 | | 30,000 | |
| | (340,000 | | (305,000) | |
| **Sócmhainní Reatha Glan** | | 110,000 | | 55,000 |
| | | 840,000 | | 750,000 |
| **Maoinithe ag Creidiúnaithe: suimeanna dlite tar éis níos mó ná 1 bhliain** | | | | |
| Bintiúir 10% | | 50,000 | | 90,000 |
| **Caipiteal agus Cúlchistí** | | | | |
| Gnáthscair £1 | | 530,000 | | 450,000 |
| Scairphréimh | | 20,000 | | — |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | 240,000 | | 210,000 |
| | | 840,000 | | 750,000 |

Tá an t-eolas seo a leanas ar fáil freisin:
1. Ní dhearnadh diúscairt ar aon innealra i gcaitheamh na bliana ach ceannaíodh meaisíní nua.
2. Níor cuireadh le foirgnimh i gcaitheamh na bliana. Rinneadh diúscairt ar fhoirgnimh ar £61,000.
3. Gearradh £9,000 dímheasa ar fhoirnimh agus an brabús oibriúcháin á ríomh.

**Iarrtar ort:**

(*a*) An brabús oibriúcháin a réiteach leis an nglan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin. (20)

(*b*) An ráiteas faoi shreabhadh airgid ag Fiúntas Ctp a ullmhú don bhliain dar críoch 31/12/2000. (32)

(*c*) Cén fáth nach ionann i gcónaí brabús a dhéanamh agus breis airgid tirm a thuilleamh (8)

**(60 marc)**

**ROINN 2 (200 marc)**

Freagair **DHÁ** cheist **AR BITH**

## 5. Leirmhíniú Cuntaisí

Baineadh na figiúir seo a leanas as cuntais chríochnaitheacha Brostú Tta, comhlucht idirlíonadh don bhliain dar chríoch 31/12/2000.

**Cuntas Tradála agus Brabúis agus Caillteahais don bhliain dar chríoch 31/12/2000**

| | £ |
|---|---|
| Díolacháin | 885,000 |
| Costas díolachán | (690,000) |
| Speansais iomlána oibríuchanacha don bhliain | (130,000) |
| Ús don bhliain | (15,000) |
| Brabús glan don bhliain | 50,000 |
| Díbhinní Molta | (46,000) |
| Brabús Coinnithe don bhliain | 4,000 |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais 1/1/2000 | 37,000 cr |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteamais 31/12/2000 | 41,000 |

**Cóimheasa agus Figúirí don bhliain dar chríoch 31/12/1999**

| | |
|---|---|
| Brabús comhlán % | 25% |
| Cumhdach úis | 6 uair |
| Mearchóimheas | 1.3 to 1 |
| Tuillimh per gnáthscair | 15p |
| Toradh ar chaipiteal in úsáid | 11.8% |
| Luach margaidh ar ghnáthscair | £2.15 |

**Clár Comhardaithe mar a bheadh ar 31/12/2000**

| | £ | £ |
|---|---|---|
| Sócmhainní doláimhsithe | 145,000 | |
| Sócmhainní seasta | 430,000 | 575,000 |
| Sócmhainní Reatha (Stoc san aireamh £47,000) | 95,000 | |
| Creidiúnaithe-Trádála | (33,000) | |
| Dibhinní Molta | (46,000) | 16,000 |
| | | 591,000 |
| Bintíur 10% (2004/2005) | | 150,000 |
| Capiteal Eisithe | | |
| 350,000 Gnáthscair @ £1 an ceann | 350,000 | |
| 50,000 8% Scair thosaíochta @ £1 an ceann | 50,000 | |
| Iarmhéid Brabúis agus Caillteanais | 41,000 | 441,000 |
| | | 591,000 |
| Luach margaidh aon ghnathscair amháin | | £2. |

### Iarrtar ort:

(*a*) Iad seo a ríomh don bhliain 2000:

1. Cumhdach úis
2. Tuillimh per scair
3. An stoc tosaigh más é 15 uair an ráta láimhdeachas stoic (bunaithe ar an meán stoic)
4. An tréimhse a ghlacann sé ar aon ghnáthscair amháin a luach margaidh a aimsiú (arís) (agus í ag feidhmiú go leanúnach mar a chéile)
5. Toradh díbhinní na ngnáthscaireanna. (45)

(*b*) Plé a dhéanamh ar shástacht nó a mhalairt na sealbhóirí bintiúr le polasaí agus le staid reatha na cuideachta thuas. Bain úsáid as eolas ábhartha mar thaca le do fhreagra. (45)

(*c*) Luaigh cúig chúis a d' fhéadfadh a bheith leis an difríocht sa bhrabús comhlán idir 1999 agus an bhliain seo. (10)

**(100 marc)**

**6. Seirbhísí Gnó.**

San áireamh i measc sócmhainní agus dliteanais Feirm Sláinte "An Croí Óigeanta" Tta., ar 1/1/2000, bhí siad seo a leanas:

Foirgnimh agus talamh ar a gcostas £440,000; Fearas ar a chostas £110,000; Troscán ar a chostas £22,000; Stoc bia folláin £1,200; Ola théite £880; Glantachán ar conradh réamhíoctha £900; Creidiúnaithe do sholáthairtí £1,300; Caipiteal Údaraithe £500,000; Caipiteal Eisithe £380,000; Infheistíochtaí £60,000; Réamhthaiscí Custaiméirí £7,000.
Tá 3 bliana dímheasa carntha ag na sócmhainní seasta go léir ar 1/1/2000.

**Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí ag Feirm Sláinte "An Croí Óigeanta" Tta. don bhliain dar chríoch 31/12/2000**

| **Fáltais** | **£** | **Íocaíochtaí** | **£** |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid chuntas reatha | 3,480 | Pá agus tuarastail | 94,150 |
| Táillí chustaiméirí | 194,100 | Árachas | 5,600 |
| Bronntanais | 15,000 | Solas agus teas | 3,400 |
| Díbhinní | 2,250 | Ceannacháin – siopa | 38,200 |
| Fáltais siopa | 72,000 | Ceannacháin – soláthairtí | 40,200 |
| Iarmhéid | 21,760 | Níochán | 5,400 |
| | | Síneadh nua | 60,000 |
| | | Glantachán | 3,300 |
| | | Teileafón agus postas | 1,940 |
| | | Trealamh | 10,000 |
| | | Aisíocaíocht ar iasacht £40,000 ar 1/5/2000 le hús sé mhí déag | 46,400 |
| | £308,590 | | £308,590 |

Tugtar an t-eolas agus na treoracha breise seo a leanas duit:

1. Stoc deiridh ar 31/12/2000: Siopa £1,620; Ola Théite £400; Leictreachas dlite 31/12/2000 £320.

2. Déantar an glantachán ar conradh iníoctha go míosúil chun tosaigh, agus tá íocaíocht £300 san áireamh ann do mhí Eanáir 2001.

3. Tá táillí ar £3,000 i leith 2001 san áireamh i dtáillí na gcliantaí agus bhí riaráistí £550 ann i leith táillí cliantaí ar 31/12/2000.

4. Tá £12,000 sa bhliain a íoctar leis an bhfáilteoir a dhéanann cúram den siopa freisin, san áireamh faoi phá agus tuarastal. Meastar go bhfuil 40% den phá seo le cur i leith an tsiopa.

5. Chinn Feirm Sláinte "An Croí Óigeanta" athluacháil ar £550,000 a dhéanamh ar thalamh agus ar fhoirgnimh ar 31/12/2000.

6. Déantar soláthar in aghaidh dímheasa mar seo a leanas:
   Foirgnimh – 2% den chostas don bhliain iomlán
   Trealamh – 20% den chostas in aghaidh na bliana
   Troscán – 20% den chostas in aghaidh na bliana.

7. Bhí £1,250 ag dul do chreidiúnaithe do sholáthairtí ar 31/12/2000.

**Iarrtar ort:**

(*a*) Cúlchistí na cuideachta ar 31/12/2000 a ríomh. (20)

(*b*) An Brabús/Caillteanais ón siopa bia folláin don bhliain dar chríoch 31/12/2000 a ríomh. (12)

(*c*) Cuntas Brabúis agus Caillteanais don bhliain dar chríoch 31/12/2000 a ullmhú. (36)

(*d*) Clár Comhardhaite mar a bheadh ar 31/12/2000 a ullmhú. (32)

**(100 marc)**

## 7. Taifid Neamhiomlána

Lóisteáil S. Tóibín £260,000 i gcuntas gnó sa bhanc ar 1/1/2000 agus ar an lá céanna cheannaigh sé gnó ar £180,000 agus na sócmhainní inláimhsithe agus na dliteanais seo a leanas san áireamh ann: Foirghimh £175,000, stoc £14,500, rátaí trí mhí réamhíoctha £800, féichiúnaithe £24,500, pá dlite £4,800 agus creidiúnaithe trádála £38,000.

Le linn 2000 níor choinnigh Tóibín tacar iomlán de chuntais ach measann sé gurbh ionann an brabús comhlán agus 40% de na díolacháin agus bhí sé ábalta an t-eolas breise seo a leanas a chur ar fáil ar 31/12/2000:

(i) Gach seachtain thóg Tóibín earraí ar luach £90 ón stoc agus £120 i bhfoirm airgid do speansais teaghlaigh.

(ii) Ar 1/10/2000 thóg Tóibín £150,000 ar iasacht, agus d'úsáid sé cuid de chun áitreabh béal dorais a cheannach ar £120,000. Aontaíodh go n-íocfadh Tóibín ús ar an lá deiridh den mhí ar ráta 9 % sa bhliain. Bhí an tsuim chaipitil le haisíoc mar chnapshuim sa bhliain 2009. Chun soláthar a dhéanamh dó sin treoraíodh don bhanc £1,200 a aistriú ar lá deiridh de gach mí ó chuntas gnó Tóibín isteach i gciste infheistíochta.

(iii) I gcaitheamh na bliana, lóisteáil Tóibín díbhinní £2,000 sa chuntas gnó sa bhanc agus rinne na híocaíochtaí seo a leanas: solas agus teas £6,600. ús £2,250, pá agus speanais ghinearálta £68,000, trealamh £12,000, rátaí go ceann 12 mhí £3,600 agus táillí ollscoile £4,000.

(iv) Mheas Tóibín gur chóir 20% díobh seo a leanas: trealamh, solas agus teas a *úsáideadh* agus ús a *íocadh,* a chur i leith na rannóige príobháidí den áitreabh. De bhreis air sin, measann sé gur chóir 70% de na táillí ollscoile a chur i leith ball teaghlaigh agus an chuid eile i leith fostaí.

(v) San áireamh i sócmhainní agus i ndliteanais an ghnólachta ar 31/12/2000 bhí stoc £18,400, féichiúnaithe £21,600, creidiúnaithe trádála £19,700, airgead tirim sa bhanc £87,670, leictreachas dlite £660, agus ús £65 tuillte ag an gciste infheistíochta go dtí sin.

**Iarrtar ort a ullmhú, agus oibríochtaí agat chuige:**

(*a*) Ráiteas/Clár Comhardaithe ag taispeáint brabús nó caillteanas Tóibín don bhliain dar chríoch 31/12/2000. (50)

(*b*) An Cuntas Trádála, Brabúis agus Caillteanais, leis an oiread sonraí agus is féidir, don bhliain dar chríoch 31/12/2000. (40)

(*c*) Achoimre ar an gcomhairle a chuirfeá ar Tóibín. (10)

**(100 marc)**

**8. Costas Imeallach**

Déanann Ó Coiglígh Tta táirge amháin a chur ar fáil. Seo a leanas cuntas brabúis agus caillteanais na cuideachta don bhliain dar chríoch 31/12/2000, nuair a rinneadh 70,000 aonad a tháirgeadh agus a dhíol:

| | £ | £ |
|---|---|---|
| Díolacháin (70,000 aonad) | | 910,000 |
| Ábhair | 315,000 | |
| Saothar díreach | 175,000 | |
| Forchostais monarchan | 63,000 | |
| Speansais riaracháin | 105,000 | |
| Speansais díolacháin | 85,000 | 743,000 |
| Glanbhrabús | | 167,000 |

Is costais athraitheacha iad na hábhair, an saothar díreach agus 40% de na forchostais monarchan. Seachas coimisiún díolacháin ar 5% de na díolacháin, is costais sheasta iad an díolachán agus an riarachán.

**Iarrtar ort a ríomh:**

(*a*) Pointe meá ar mheá na cuideachta agus an lamháil sabháilteachta.

(*b*) An líon aonad is gá a dhíol sa bhliain 2001 má tá méadú 20% le teacht ar ghlanbhrabús na cuideachta thar figiúr 2000, ag glacadh leis nach dtagann aon athrú ar na leibhéil chostais agus na ceatadáin eile go léir.

(*c*) An brabús a ghnóthódh an chuideachta i 2001 dá ndéanfaí an praghas díolacháin a ísliú go dtí £12, na costais seasta a mhéadú £11,000 agus dá réir sin líon na n-aonad díolta a ardú do dtí 85,000, gan aon athrú ar na leibhéil chostais ná na céatadáin eile go léir.

(*d*) An praghas díolacháin in aghaidh an aonaid is gá don chuideachta a ghearradh i 2001, má thagann méadú 10% ar na costais seasta ach gan athrú ar mhéid an díolacháin ná ar an mbrabús.

(*e*) An líon aonad is gá a dhíol ar £14 an t-aonad chun brabús 10% den ioncam díolacháin ó na haonaid chéanna seo a chur ar fáil. **(80 marc)**

**9. Buiséadú**

Tá na réamhaisnéisí díolacháin díreach críochnaithe ag Ó Cuill Tta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2001. Tá súil aige dhá tháirge a dhíol – Bunús ar £190 agus Feabhas ar £230.

Tá na stoic go léir le laghdú 20% ó na leibhéil tosaigh acu faoi dheireadh 2001 agus déantar luacháil orthu de réir an mhodh (TITA) tús isteach tús amach.

| | **Bunús** | **Feabhas** |
|---|---|---|
| Meastar an t-éileamh díolacháin mar seo: | 6,000 aonad | 4,500 aonad |

Seo mar a mheastar stoic na n-earraí críochnaithe ar 1 Eanáir 2001:

| | |
|---|---|
| Bunús | 350 aonad @ £160.00 an ceann |
| Feabhas | 250 aonad @ £180.00 an ceann |

Déantar an dá tháirge as na hamhábhair agus as an saothar díreach céanna ach méideanna éagsúla per aonad mar atá thíos:

| | **Bunús** | **Feabhas** |
|---|---|---|
| Ábhar W | 6kg | 5kg |
| Ábhar X | 4kg | 7kg |
| Saothar oilte | 7 n-uair | 8 n-uair |

Seo mar a mheastar stoic na n-amhábhar ar 1 Eanáir 2001

| | |
|---|---|
| Ábhar W | 5,000kg @ £2.50 an kg |
| Ábhar X | 4,000kg @ £4.50 an kg |

Seo iad na praghsanna measta ar amhábhair le linn 2001:

| | |
|---|---|
| Ábhar W | £3 an kg |
| Ábhar X | £5 an kg |

Meastar gur £11.00 in aghaidh na huaire an ráta a bheidh ar shaothar oilte.

Meastar go mbeidh forchostais táirgíochta na cuideachta mar seo:

| | |
|---|---|
| Athraitheach | £4.50 san uair ar shaothar oilte |
| Seasta | £116,000 sa bhliain |

**Iarrtar ort iad seo a leanas a ullmhú do Ó Cuill Tta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2001:**

(*a*) Buiséad Táirgíochta (in aonaid);

(*b*) Buiséad Ceannachán Amhábhar (in aonaid agus £);

(*c*) Buiséad Costas Táirgíochta/Déantúsaíochta;

(*d*) Cuntas Trádála Buiséadaithe *(más é £157 agus £186 costas buiséadaithe in aghaidh an aonaid i gcás Bunús agus Feabhas faoi seach).* **(80 marc)**

***LEATHANACH BÁN***

***LEATHANACH BÁN***